

1. Cad a rinne tú i rith na seachtaine?      What did you do during the week?
  
2. Cad a rinne tú don spraoi an tseachtain seo?      What did you do for fun this week?
  
3. Ar fhoghlaim tú aon rud nua nó aon rud suimiúil an tseachtain seo?      Did you learn anything new or anything interesting this week?
  
4. Cén saghas ceoil is maith leat?      What kind of music do you like?
  
5. An raibh tú ag ceolchoirm riamh? Cé a chonaic tú?      Were you ever at a concert? Who did you see?
  
6. An bhfuil suim agat in aon rud faoi leith a bhaineann le cultúr na hÉireann nó le cultúr eile?      Are you interested in anything in particular that has to do with Irish culture or with another culture?

**Campa Cúla4**  
**TG4**

**Camp Cúla4**  
**TG4**

1. Dia daoibh agus bhur gcéad míle fáilte isteach ag Campa Cúla4 (cúla ceathair). Hello and a warm welcome in to Camp Cúla4.
2. Is mise Orla agus beidh mise libh ar feadh na seachtaine seo le tús spleodrach a chur le *laethantaí* saoire an tsamhraidh. I'm Orla and I will be with you for this week to bring a lively start to the summer vacation.
3. Tá neart imeachtaí againn daoibh: amhránaíocht, damhsa, ceol, lúibíní, agallaimh beirte, go leor eile, agus beidh cuairteoirí speisialta in éineacht linn. We have a lot of activities for you: singing, dancing, music, ditties (conversations in song), dialogues (in verse), and a lot more, and we will have special guests with us.
4. Ach ar dtús, tosóidh muid le hamhránaíocht ar an sean-nós. But first off, we will begin with singing in the old style.
5. Amhránaíocht ar an sean-nós. Is stíl thraidisiúnta atá i gceist anseo. Singing in the old style. A traditional style is meant here.
6. Agus cé nach bhfuil teicnící ceoil *áirid* ag baint leis, baineann sé le stair, le cultúr, agus le traidisiún láidir amhránaíochta anseo in Éirinn. And although there aren't specific musical techniques associated with it, it relates to history, to culture and to a strong singing tradition here in Ireland.
7. Agus tá a stíl féin ag na *ceantrachaí* éagsúla ar fad. And the various regions all have their own style.
8. Mar sin, cloisfidh tú amhráin ó mhuintir Chonamara, cloisfidh tú amhráin as Maigh Eo, as Dún na nGall, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge, as *'chuile* áit. So, you will hear songs from people of Connemara, you will hear songs from Mayo, from Donegal, Kerry, Cork, Waterford, from every place.
9. Agus taobh istigh de na *ceantrachaí* freisin, is féidir le hamhráin éagsúla a bheith ó cheantar beag amháin, ó cheantar eile. And within the regions, too, it's possible for different songs to be from one small regions, from another region.
10. Úsáideadh na hamhráin seo fadó taobh istigh den teach agus taobh amuigh den teach agus daoine ag obair. These songs were used long ago inside the house and outside the house as people worked.
11. Bhíodh daoine ag obair i gcónaí fadó. People used to work all the time long ago.
12. Agus choinnigh na hamhráin seo ag imeacht iad. And these songs kept them going.
13. Chomh maith leis sin, cláraíodh eachtraí staire sna hamhráin seo. As well as that, historical events were recorded in these songs.
14. Mar sin, tá amhráin againn faoin imirce, amhráin againn faoin mbás, faoin ngrá, ... So, we have songs about immigration, we have songs about death, about love, ...

15. Agus theastaigh na hamhráin seo *uaidh* daoine don siamsaíocht. And people needed these songs for fun.
16. Mar bhíodh daoine istigh sna tithe fadó ar feadh an tráthnóna gan aon idirlíon, gan fón póca, gan teilifís, gan aon áit le dul. For people used to be inside long ago for the evening without internet, without a cell phone, without television, without anywhere to go.
17. Agus mar sin, bhraith siad ar na hamhráin seo don tráthnóna. And so, they depended on these songs for the evening.
18. Agus castar na hamhráin seo go haonarach. And these songs are sung solo.
19. Is ciallaíonn sé sin go mbíonn an t-amhránaí ag casadh *leob féin*. And that means that the singer sings by themselves.
20. Agus freisin, ní bhíonn aon tionlacan *leob*. And also, they have no accompaniment.
21. Ciallaíonn sé sin nach mbíonn aon cheoil sa chúlra. That means that there is no music in the background.
22. Mar sin, bíonn muid ag braith ar an nguth agus ar teicnící gutha chun an t-amhrán a choinneáil bríomhar nó an t-amhrán a choinneal, b'fhéidir, mall, agus a brí a bhaint as na *focla*. So, we depend on the voice and vocal techniques to keep the song lively, or to keep the song, perhaps, slow, and to understand the words.
23. Úsáideann muid ornáidíocht dó sin. Is céard í ornáidíocht? We use ornamentation for that. And what is ornamentation?
24. Sin nuair a úsáideann tú cúpla nóta breise san amhrán chun brí a léiriú agus freisin chun é a dhéanamh níos ceolmhaire. That's when you use a few extra notes in the song to elucidate the meaning and also to make it more musical.

**Ceisteanna**

1. Cé orthu a bhfuil an clár seo dírithe?
2. Cad iad cuid de na himeachtaí a bheidh clúdaithe sa chlár seo?
3. An mbíonn na hamhráin sean-nós mar an gcéanna timpeall na tíre?
4. Cad iad cuid de na téamaí a thagann isteach sna hamhráin sean-nós?
5. Cén uirlisí ceoil a thionlacann amhrán ar an sean-nós?

**Questions**

- At whom is this program directed?
- What are some of the activities that will be covered in this program?
- Are sean-nos songs the same around the country?
- What are some of the themes that come into sean-nos songs?
- What musical instruments accompany a sean-nos song?